



**Tuarascáil Bhliantúil Choiste
um Iniúchóireacht agus Riosca
an Gharda Síochána don bhliain dar críoch
an 31 Nollaig 2019**

Clár na nÁbhar

1. Achoimre an Chathaoirligh.....	3
2. Saincheisteanna Rialachais.....	4
3. Tuairisciú Airgeadais.....	10
4. Iniúchóireacht Sheachtrach agus Innheánach.....	13
4.1 Iniúchóireacht Sheachtrach - An tArd-Reachtair Cuntas agus Ciste (A&CC).....	13
4.2 Rannóg Iniúchóireacht Innheánach an Gharda Síochána (IGS).....	13
5. Conclúid.....	15

1. Achoimre an Chathaoirligh

Cúis áthais dom Tuarascáil Bliantúil Choiste um Iniúchóireacht agus Riosca (“an Coiste”) an Gharda Síochána don bhliain dar críoch an 31/12/19 a chur in bhur láthair. Ullmhaítear an tuarascáil seo chun na hoibleagáidí faoi Alt 45 (1) (b) d’Acht an Gharda Síochána 2005 arna leasú le hAlt 36 d’Acht an Gharda Síochána (An tÚdarás Póilneachta agus Forálacha Ighnéitheacha) 2015, a chomhlíonadh.

Tá an Coiste bunaithe go neamhspleách agus go hoibiachtúil chun maoirseacht a dhéanamh ar chóras rialaithe inmheánach an Gharda Síochána agus chun measúnú a dhéanamh ar na socrúithe gaolmhara maidir le bainistíocht riosca atá bunaithe. Dá réir sin, is gné thábhachtach de struchtúr rialachais an Fhórsa é an Coiste. De bhrí go gcuireann an Coiste dualgais i gcrích thar ceann an Údaráis Póilneachta, tá an tuarascáil seo deartha lena áirithiú go dtuigeann an Coimisinéir, an tÚdarás agus an tAire Dlí agus Cirt agus Comhionannais, éifeachtacht an Choiste agus gur féidir liomsa, Cathaoirleach an Choiste (agus thar ceann an Choiste), dearbhú réasúnach a sholáthar maidir le hoibriú agus caighdeán bhainistíocht rialachais agus riosca an Gharda Síochána.

Bhí an Coiste gnóthach in 2019 agus cuireadh obair shuntasach agus chuimsitheach i gcrích. Reáchtáladh ceithre chruinniú agus d’fhreastail comhaltaí uile an Choiste ar na cruinnithe sin, agus rinneadh athbhreithniú ar agus faomhadh raon leathan nithe a bhain le rialachas. Soláthraítear sa tuarascáil bhliantúil seo mionsonraí na hoibre a cuireadh i gcrích agus tá an t-eolas roinnte de réir na gceannteideal seo a leanas:

- Saincheisteanna rialachais
- Tuairisciú Airgeadais
- Caighdeán na hIniúchóireachta Inmheánaí agus Seachtraí

Tá timthriall gnó bhliantúil an Choiste deartha chun dóthain ama a chur ar fáil chun measúnú a dhéanamh ar na réimsí seo agus tá fianaise ar an méid sin le fáil sa tuarascáil seo. Tá an Coiste sásta a thuairisciú go gcreideann sé gur oibrigh struchtúr rialachais an Gharda Síochána ar bhealach réasúnach i rith 2019 faoi réir na laigí rialaithe ar tarraingíodh aird orthu i Ráiteas faoin Rialú Inmheánach Airgeadais 2018 (a síníodh in 2019). Tá an Coiste sásta go raibh na foinsí dearbhaithe a bhí ar fáil dó leordhóthanach chun teacht ar an gconclúid seo.

Ó tharla go bhfuil deireadh ag teacht le mo théarma trí bliana mar Chathaoirleach ar an gCoiste in Aibreán 2020, is í seo mo thuarascáil bhliantúil dheireanach. Is mian liom buíochas a ghabháil le comhaltaí uile an choiste, an Coimisinéir agus comhaltaí a fhoireann bainistíochta, as tacú liom i rith 2019 (agus as tacú liom i rith na sé bliana a chaith mé mar chomhalta den Choiste). Cé nach bhfuil Cathaoirleach nua ainmnithe go foirmiúil ag an Údarás Póilneachta fós, níl aon amhras orm ach go bhfeidhmeoidh an obair atá déanta ag an gCoiste reatha mar bhonn láidir ar féidir cur léi. Guím gach rath ar mo chomharba agus ar chomhaltaí an Choiste nua.



An Dr Cyril Sullivan
Cathaoirleach An 24^ú Aibreán 2020.

2. Saincheisteanna Rialachais

Leagtar amach sa rannóg seo an obair atá curtha i gcrích ag an gCoiste chun monatóireacht agus measúnú a dhéanamh ar shocruithe rialachais an Gharda Síochána mar atá sannta ina Chairt i rith 2019. Tugtar eolas sa rannóg seo faoin gCoiste agus feidhmiú an Choiste, mar aon le heolas faoi na príomh-shaincheisteanna rialachais a ndearna an Coiste measúnú orthu i rith 2019, lena n-áirítear:

- Bainistíocht Riosca
- Bainistíocht Maoine agus Fianaise
- Samhail Rannach Phóilíneachta
- Bainistíocht Acmhainní Daonna
- An tAonad um Chaighdeán Ghairmiúla an Gharda Síochána
- Póilíníú Bóithre
- An Clár Athstíúrtha Óige

An Coiste Iniúchóireachta agus Riosca

Bhunaigh Coimisinéir an Gharda Síochána an Coiste Iniúchóireachta agus Riosca (an Coiste) in 2006 de réir Alt 44 d'Acht an Gharda Síochána 2005 ("an tAcht") arna leasú le hAlt 36 d'Acht an Gharda Síochána (An tÚdarás Póilíneachta agus Forálacha Ilghnéitheacha) 2015. Cheap an tÚdarás Póilíneachta an Coiste reatha i mBealtaine 2017.

Is comhaltaí iad na daoine seo a leanas den Choiste Iniúchóireachta reatha ó Bhealtaine 2017:

An Dr Cyril Sullivan (Cathaoirleach)

An tOllamh Niamh Brennan

Áine Cornally, Uasal

Anne Tynan, Uasal

An tUasal Joseph Nugent

Tá nótaí gearra beathaisnéise na gcomhaltaí reatha le fáil ar

<https://www.garda.ie/en/about-us/audit-and-risk-committee/membership-profile.html>

Tá seirbhísí Rúnaí Coiste á soláthar ag Oifig an Choimisinéara agus ba mhaith leis an gCoiste buíochas a ghabháil le Catherine Heffernan, Uasal, as a díograis agus gairmiúlacht le linn di feidhmiú mar Rúnaí Coiste i rith 2019.

Braitheann feidhmiú an Choiste ar chainníocht agus ar chaighdeán na dtuarascálacha iniúchóireachta inmheánaí a chuirtear ar fáil dó agus is mian leis an gCoiste obair agus tiomantas Rannóg Iniúchóireacht Inmheánach an Gharda Síochána (IIGS) agus ceannasaí na rannóige, an tUasal Niall Kelly, a admháil.

Oibríochtaí an Choiste Iniúchóireachta agus Riosca

Mar atá thuasluaite, tá oibríochtaí an Choiste leagtha amach in Alt 45 d'Acht an Gharda Síochána 2005 agus tá breis sonraí le fáil ina Chairt (atá comhaontaithe go foirmiúil idir an Coiste agus an Coimisinéir). Tá cóip den Chairt seo le fáil ar <https://www.garda.ie/en/about-us/audit-and-risk-committee/charter-for-the-garda-siochana-audit-committee.pdf>. I measc rudaí eile, foráiltear sa Chairt go ndéanann an Coiste maoirseacht ar phróiseas na hiniúchóireachta inmheánaí; go ndéanann sé athbhreithniú agus go bhfaomhann sé na tuarascálacha iniúchóireachta inmheánaí; agus go gcuireann sé comhairle ar an gCoimisinéir maidir lena ról mar Oifigeach Cuntasaíochta.

Cruinnithe

Ceanglaítear le hAlt 45 (3) den Acht go mbuaileann comhaltaí an Choiste le chéile ceithre huaire, ar a laghad, gach bliain. Bhuail comhaltaí an Choiste le chéile ceithre bhabhta i rith 2019, eadhon an 6^ú Márta, an 18^ú Iúil, an 11^ú Samhain, agus an 18^ú Nollaig.

Reáchtáladh na cruinnithe seo ar fad i gClub na nOifigeach i gCeanncheathrú an Gharda Síochána. Tugadh cuireadh do Cheannasaí na hIniúchóireachta Inmheánaí, mar aon le hOifigigh eile, freastal ar na cruinnithe de réir mar ba ghá agus eolas cothrom le dáta a roinnt le comhaltaí an Choiste maidir le nithe iomchuí.

D'fháiltigh comhaltaí an Choiste roimh an gCoimisinéir Harris ag gach cruinniú i rith 2019. D'ainneoin na gcúraimí a bhíonn air ina Oifig féin, chinntigh an Coimisinéir go raibh sé i

láthair ag cruinnithe an Choiste ó ceapadh é i Meán Fómhair 2018. Is mian le comhaltaí an Choiste tiomantas an Choimisinéara d'fheidhm agus d'obair an Choiste a admháil. Thug comhaltaí an Choiste faoi deara go raibh dlúthchaidreamh oibre leis an gCoimisinéir mar bhonn le héifeachtacht an Choiste a fheabhsú agus nasc díreach a chruthú idir an Coiste agus oibríochtaí na heagraíochta.

Coimbhleachtaí Leasa

Déanann comhaltaí an choiste dearbhú maidir le *coimbhleachtaí leasa* ag tús gach cruinnithe, chun neamhspleáchas a dheimhniú. Ní raibh aon choimbhleachtaí leasa ann i rith 2019.

Príomh-shaincheisteanna Rialachais le haghaidh 2019

Measúnú Riosca

Lean an Coiste le hathbhreithniú a dhéanamh ar na rioscaí aitheanta laistigh den Phróiseas Bainistíochta Riosca agus reáchtáil an Ceannfort atá i gceannas ar Aonad Bainistíochta Riosca an Gharda Síochána cruinnithe faisnéise rialta. Tá comhaltaí an Choiste sásta go bhfuil próiseas bainistíochta riosca láidir bunaithe ach tarraingíodh aird ar an ngá atá le tuilleadh oibre chun oibriú an Choiste a leabú ionas go bhfeabhsófar a éifeachtacht.

Córas Bainistíochta Maoine agus Fianaise (CBMF)

Bhreithnigh an Coiste iniúchóireacht ar Bhainistíocht Maoine agus Foilseán (CBFM 2) i roinnt Rannán ina raibh 'Ardriosca' luaithe le Bainistíocht Maoine agus Foilseán roimhe seo. Sholáthair an tuarascáil IIGS seo a cuireadh i gcrích i mBealtaine 2019 dearbhú réasúnach don Choiste go bhfuil rialuithe i bhfeidhm i ndáil le taifeadadh maoine agus foilseán atá i seilbh an Gharda Síochána ó cuireadh críoch le seoladh CBFM2 (12/2017), agus go bhfuil na rialuithe seo ag feidhmiú mar a bhí beartaithe.

Le cois thorthaí na hiniúchóireachta, thug an Coiste faoi deara go raibh an Treoir HQ 60/2019, 'An Córas Bainistíochta Maoine agus Foilseán Cuid 2' (CBFM 2), tagtha i bhfeidhm i rith 2019. Glactar leis an Treoir HQ nua seo mar dhul chun cinn suntasach (de bhrí go raibh CBFM2 á fheidhmiú ag an nGarda Síochána gan beartas forordaithe le dhá bhliain roimhe sin).

I bhfianaise shuntas CBFM i struchtúir rialachais na heagraíochta, leanfaidh IIGS le monatóireacht a dhéanamh ar a bhainistíocht, feidhmiú agus rialú.

An Garda Síochána – Samhail Rannach Phóilíneachta Nua

Cuireadh faisnéis ar fáil don Choiste i rith 2019 maidir le rolladh amach na Samhla Rannáí Póilíneachta nua. Cuireadh mionsonraí ar fáil don Choiste maidir le scéimeanna piolótacha nua bunaithe ar an tsamhail nua agus maidir leis an tionchar dearfach a tugadh faoi deara i roinnt réimsí lena n-áirítear laghdú ar na leibhéil riaracháin agus buntáistí oibríochtúla na réimsí nua Seirbhísí Gnó agus Dearbhú Feidhmíochta. Lena chois sin, tá sonraí curtha ar fáil ag an Rannóg Acmhainní Daonna agus ag an Rannóg Airgeadais faoi chaighdeán agus éifeachtúlacht feabhsaithe an tuairiscithe bainistíochta ó na scéimeanna piolótacha seo. Tá aird tarraingthe ar roinnt saincheisteanna, áfach (cosúil leis an ngá atá le reachtaíocht a athrú chun struchtúir bhainistíochta an Gharda Síochána a athrú, i.e., an fhreagracht a bhaint ón gCeannfort) agus baineann saincheisteanna eile le córais TF atá i bhfeidhm i láthair na huaire ar gá tuilleadh forbairt a dhéanamh orthu ionas go mbeidh siad ag teacht go hiomlán leis an tSamhail Oibríocháin nua.

Ag a chruinniú i mí na Nollag 2019, cheistigh comhaltaí an Choiste cibé an mbeadh nó nach mbeadh na nósanna imeachta rialaithe inmheánacha nua den tSamhail Oibríocháin in ann an dearbhú iomlán a sholáthar don Choimisinéir a theastaíonn uaidh chun an Ráiteas faoin Rialú Inmheánach a shíniú. Tá an Coiste ag fanacht ar fhreagra a fháil ón gCoimisinéir maidir leis seo (Márta 2020).

Bainistíocht Acmhainní Daonna

D'fháiltigh an Coiste roimh an iniúchóireacht chuimsitheach a chuir IIGS i gcrích i rith 2019 ar Rannóg Bainistíochta Acmhainní Daonna an Gharda Síochána. Tá nasc díreach idir an aird a dhírigh an Coiste Iniúchóireachta agus Riosca agus IIGS ar an réimse seo agus measúnú riosca, ó tharla gurb ionann costais foirne agus thart ar 89% de Vóta iomlán an Gharda Síochána agus go bhfuil go leor de na tionscnaimh ar an gclár athraithe (pléite thuas) ag brath go mór ar an Stiúrthóireacht Acmhainní Daonna & Forbairt Phearsanta agus ar

Chórais Bainistíochta Acmhainní Daonna chun iad a chur i bhfeidhm. Seo thíos na sé hiniúchóireacht a cuireadh i gcrích sa réimse seo in 2019:

1. Nuachóiriú an Lucht Oibre – Tionscadal 21:21
2. Iniúchóireacht ar Rialuithe Bainistíochta Neamhláithreachta agus Freastail
3. Iniúchóireacht Chomhtháite ar Ró-íocaíocht Pá agus Pinsin
4. Iniúchóireacht ar Phárolla
5. Iniúchóireacht ar Leithdháileadh agus Bainistíocht Acmhainní ag Leibhéal Rannach agus Ceantair
6. Iniúchóireacht ar Íocaíochtaí Liúntas Saoire Poiblí ag am Nollag agus i rith na hAthbhliana in 2018/19.

D'iarr an Coiste ar an gCoimisinéir tuarascáil a sholáthar maidir le cur chun feidhme na moltaí ó na tuarascálacha seo. Ábhar inní don Choiste ba ea roinnt saincheisteanna iniúchóireachta ardriosca lena n-áirítear an gá atá le córas comhtháite nua Acmhainní Daonna/ Párolla agus plean mionsonraithe cur chun feidhme maidir leis an iniúchóireacht ar ró-íocaíochtaí pá agus pinsin an Gharda Síochána (iniúchóireacht chomhphárteach curtha i gcrích ag IIGS agus Rannóg Iniúchóireachta Inmheánaí na hOifige Náisiúnta um Sheirbhísí Comhroinnte). Lena chois sin, mhol an Coiste go ndéanfaí imscrúdú iomlán ar na torthaí ar tarraingíodh aird orthu laistigh de thuarascáil an Gharda Síochána maidir le párolla - go háirithe na nithe sin a bhaineann le híocaíochtaí a dhéanadh a bheith calaoiseach. Tá an Coiste ag súil le nuashonrú a fháil in 2020.

An tAonad um Chaighdeáin Ghairmiúla an Gharda Síochána (ACGGS)

Sholáthair an tArd-Cheannfort, ACGGS, nuashonrú don Choiste ag an gcruinniú a reáchtáladh i mí Dheireadh Fómhair 2019 maidir leis na hathbhreithnithe téamacha a reáchtáil ACGGS i rith 2019. Roghnaíodh na hathbhreithnithe seo bunaithe ar an gCóras Iniúchtaí agus Athbhreithnithe, an Clár Rioscaí Corparáideacha agus iarratais ó pháirtithe leasmhara. D'fháiltigh an Coiste roimh an nuashonrú.

D'iarr an Coiste go mbeadh níos mó comhoibrithe agus athbhreithnithe comhphárteacha á reáchtáil idir ACGGS agus IIGS. I rith 2019, lorg agus ghlac an Coiste le plean iniúchta

comhpháirteach ó ACGGS agus IIGS inar leagadh amach a réimsí comhoibrithe le haghaidh 2020.

Póilíníú Bóithre

Ghlac an Coiste le láithreoireacht faoi rialú rialachais i ndáil le seicphointí le haghaidh Tastáil Alcóil Shainordaitheach/Tástáil Meisce Shainordaitheach (TAS/TMS). Tarraingíodh aird sa láithreoireacht ar na feabhsuithe atá á ndéanamh chun taifeadadh beacht agus tráthúil na dtástálacha seo a chinntiú lena n-áirítear próisis taifeadta feabhsaithe, uasghráduithe ar PULSE (le Leagan 7.2), athruithe sna próisis ag seicphointí TAS/TMS, líon níos mó maoirseoirí ag freastal ar sheicphointí, infhaighteacht gléasanna boise le GPS agus tuarascálacha bainistíochta feabhsaithe.

I bhfianaise na n-easnamh tromchúiseach sainaitheanta sna próisis seo i rith 2017 agus 2018, d'fháiltigh an Coiste roimh an láithreoireacht. Leanfaidh an Coiste ar aghaidh ag díriú ar an réimse seo in 2020 agus níos faide anonn.

An Clár Athstíúrtha Óige

Sholáthair an Coiste nuashonruithe rialta maidir leis na saincheisteanna tromchúiseacha rialaithe a tháinig chun cinn i bhfeidhmiú Chlár Athstíúrtha Óige an Gharda Síochána. Cuimsíodh sna nuashonruithe réimsí cosúil le feidhmiú an chlár, líon na n-atreoruithe agus na leanaí i gceist, na hatreoruithe a bhí faoi réir neamhghníomhaíocht an Gharda Síochána, na feabhsuithe ar PULSE agus in áiteanna eile chun déileáil go cuí leis an bhfadhb, na pleananna chun na híospartaigh a chur ar an eolas agus/nó bualadh leo, agus an próiseas araíonachta gaolmhar.

Cúis mhór inní don Choiste na torthaí a cuireadh i láthair, go háirithe maidir le leibhéal neamhghníomhaíochta an Gharda Síochána agus líon mór na n-íospartach i gceist. Dhearbhaigh an Coimisinéir agus a fhoireann bainistíochta don Choiste go ndéileálfadh na bearta maolaitheacha a bhí i bhfeidhm leis na teipeanna go dtí seo agus go gcinnteoidís nach dtarlódh a leithéid arís.

3. Tuairisciú Airgeadais

Nuashonruithe Airgeadais don Choiste

Rialú tábhachtach gnó don Gharda Síochána é maoirseacht agus monatóireacht a dhéanamh ar a fheidhmíocht airgeadais. I bhfianaise an tsuntais a bhaineann leis seo, is mír sheasta é seo ar chlár an Choiste.

I rith 2019, sholáthair an Stiúrthóir Feidhmiúcháin Airgeadais nuashonruithe rialta maidir le staid airgeadais agus buiséid le haghaidh gach cruinniú Coiste. Deis ba ea na tuarascálacha, láithreoireachtaí agus an plé chun béim a leagan an athuir ar ról lárnach na ndearbhuithe bainistíochta i ndáil le saincheisteanna rialuithe, comhlíonta agus rialachais. Chuir sé seo ar chumas an Choiste léargas níos fearr a fháil ar ghníomhaíochtaí ar fud na heagraíochta mar aon le deis a fháil bualadh leis an ardbhainistíocht agus mínithe a fháil le haghaidh neamhréireanna agus feidhmíocht airgeadais i rith na bliana. San áireamh sna tuarascálacha airgeadais don Choiste bhí nuashonruithe maidir le príomhchonarthaí soláthair agus stádas na bpríomhchuntas fionraí.

Ina theannta sin, thug IIGS faoi iniúchóireacht in 2019 ar na rialuithe airgeadais a bhí i bhfeidhm i rith 2018. Sholáthair toradh na hiniúchóireachta seo roinnt dearbhuithe don Choiste maidir le caighdeán an rialachais agus an rialaithe a bhí i bhfeidhm i rith na bliana. Déantar tuilleadh plé air seo thíos faoin gceannteideal 'Rialuithe Airgeadais'.

Ráiteas faoi na Rialuithe Inmheánacha Airgeadais

Mar ghné dá chuid oibre chun tacú le Coimisinéir an Gharda Síochána ina cháil mar Oifigeach Cuntasaíochta Vóta an Gharda Síochána, rinne an Coiste Iniúchóireachta agus Riosca athbhreithniú ar an Ráiteas faoi na Rialuithe Inmheánacha Airgeadais. Inneachar agus moltaí na dtuarascálacha iniúchóireachta inmheánaí a bhí mar bhonn leis an athbhreithniú seo i rith na bliana mar aon le hinneachar agus moltaí athbhreithnithe ar rialuithe inmheánacha a rinne Rannóg Iniúchóireacht Inmheánach an Gharda Síochána (IIGS). Faoi réir na laigí rialaithe dá dtagraítear dóibh sa Ráiteas, bhí an Coiste sásta go bhféadfadh an Coimisinéir an Ráiteas faoi na Rialuithe Inmheánacha Airgeadais a shíniú.

Rialuithe Airgeadais

Bhreithnigh an Coiste iniúchóireachtaí athbhreithnithe in 2019 a bhain le líon na laigí rialaithe airgeadais sainaitheanta a bhain le baincéireacht, cuntais fionraí, taifeadadh ceaduithe caiteachais, luacháil agus rialú sócmhainní, an córas ordaithe ceannaigh agus rialachas ginearálta na Stiúrthóireachta Airgeadais (i réimse na pleanála straitéisí agus airgeadais). I bhfianaise a thromchúisí is atá na torthaí, lorg agus fuair an Coiste nuashonrú ó iniúchóireacht leantach agus d'fháiltigh an Coiste roimh feabhsuithe a aimsíodh sna rialuithe airgeadais a bhain le baincéireacht, cuntais fionraí agus taifeadadh ceaduithe caiteachais. Tugtar faoi deara, áfach, nach raibh na moltaí a bhain le luachálacha sócmhainní agus leis an gcóras ordaithe ceannaigh curtha chun feidhme ina n-iomláine fós.

Cuireadh in iúl don Choiste freisin go ndearna Mazars athbhreithniú seachtrach ar an Stiúrthóireacht Airgeadais, a struchtúir agus a hoibríochtaí, agus gur cuireadh tuarascáil ghaolmhar i dtoll a chéile ag deireadh 2019. Tá an Coiste ag fanacht chun cóip den tuarascáil seo a fháil.

Beartas Frithchaolaoise

I rith 2019, choinnigh an Coiste súil ar Bheartas Frithchalaoise an Gharda Síochána. Tugadh faoi deara gur tuairiscíodh 21 cás de chalaois amhrasta don Iniúchóireacht Inmheánach faoin mbeartas. Rinne oifigigh imscrúdaithe ceaptha imscrúdú ar na cásanna seo de réir an bheartais.

Soláthar Poiblí

Lean an Coiste Iniúchóireachta agus Riosca le hathbhreithniú a dhéanamh ar bheartais, próisis agus cleachtais soláthair in An Garda Síochána, agus le comhairle a chur ar an gCoimisinéir de réir mar a bhí riachtanach faoi Alt 45 (2)(c)(i) d'Acht an Gharda Síochána 2005. Chuir an Stiúrthóir Feidhmiúcháin Airgeadais nuashonrú maidir le saincheisteanna soláthair i láthair an Choiste ag gach Cruinniú den Choiste Iniúchóireachta i rith 2019.

Thug an Coiste faoi deara gur lean an obair iniúchóireachta in 2019 ag sainaitheint neamhchomhlíonadh le nósanna imeachta soláthair go háirithe i ndáil le tarraingt agus

stóráil feithiclí agus seirbhísí leighis. Ina ainneoin sin, sainithníodh feabhsuithe i rith 2019 agus d'fháiltigh an Coiste rompu seo – agus táthar ag súil go gcabhróidh feabhsuithe le déileáil le cuid de na hábhair atá ag déanamh inní don Ard-Reachtair Cuntas & Ciste (A&CC) i ndáil le comhlíonadh leanúnach soláthair.

Leibhéil Chonartha faoi Alt 45(5)(a) d'Acht an Gharda Síochána 2005

Ceanglaíonn Alt 45(5)(a) den Acht ar an gCoimisinéir an Coiste a chur ar an eolas faoi chonarthaí atá le húdarú a mbaineann luach os cionn an luach sonraithe airgid leo. Tá tairseach luach €5 mhilliún socraithe ag an gCoimisiún le haghaidh na gconarthaí seo. De réir Chiorclán na Roinne Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe 16/2013, ceanglaítear ar an nGarda Síochána úsáid a bhaint as creataí agus conarthaí lárnacha soláthair atá bunaithe ag an Oifig um Sholáthar Rialtais. I rith 2019, níor cuireadh dréachtchonarthaí soláthair ar fáil don Choiste chun iad a réamhfhaomhadh. Indiaidh iarratais a fháil ón gCoiste, cuireadh liosta conarthaí arbh fhiú sa bhreis ar €5m iad ar fáil don Choiste lena n-athbhreithniú agus lena gceadú go cúlghabhálach.

4. Iniúchóireacht Sheachtrach agus Immheánach

4.1 Iniúchóireacht Sheachtrach - An tArd-Reachtair Cuntas agus Ciste (A&CC)

Is é an tArd-Reachtair Cuntas agus Ciste (A&CC) iniúchóir seachtrach an Gharda Síochána. I Márta 2019, bhuail an Coiste le foireann iniúchóireachta A&CC, eadhon, Maureen Mulligan (An Leas-Stiúrthóir Iniúchóireachta), Kiernan Scott (An tIniúchóir Sinsearach) agus Eric Derham (An tIniúchóir). I rith an chruinnithe rinneadh athbhreithniú ar Thuarascáil Bhliantúil A&CC agus díriodh ar shaincheisteanna iniúchóireachta a tháinig chun solais in 2018. Chomh maith leis sin, pléadh rioscaí a d'fhéadfadh a bheith ann amach anseo agus an straitéis iniúchóireachta a bhí ann in 2019.

Áiríodh i measc na bpríomh-shaincheisteanna litreach bainistíochta ar tharraing Oifig an A&CC aird orthu i rith an chruinnithe:

- Comhlíonadh leanúnach na rialachán soláthar
- Bainistíocht ragoibre in An Garda Síochána
- Réiteach príomhchuntas fionraí (go háirithe iad siúd le hOifig na nOibreacha Poiblí)
- Saincheisteanna riaracháin a bhain le feidhmiú Fógraí Muirir Sheasta (FMSanna) agus Tástálacha Anála.
- Tuilleadh forbairt a dhéanamh ar chuntasaíocht fabhraithe nuair a bhí na Cuntais Leithreasa á n-ullmhú
- Ró-íocaíochtaí Tuarastail agus Pinsin

Dfháiltigh an Coiste roimh rannpháirtíocht A&CC, rannpháirtíocht a mheas sé a bhí críochnúil agus cuimsitheach.

4.2 Rannóg Iniúchóireacht Immheánach an Gharda Síochána (IIGS)

Fáiltíonn an Coiste roimh an ngealltanas leantach ón gCoimisinéir agus ón Údarás Póilíneachta dóthain acmhainní a chur ar fáil do Sheirbhís Iniúchóireacht Immheánach an Gharda Síochána (IIGS).

I rith 2019, bhí líon iomlán foirne IIGS ag obair dó, sin 15 chomhalta foirne ar fad. Tugadh faoi deara ag deireadh na bliana, áfach, go raibh an líon foirne in IIGS laghdaithe ó 15 go dtí 13. Bheadh sé tábhachtach go mbeadh an líon iomlán foirne ar fáil chun plean

iniúchóireachta 2020 a chur i gcrích, dá bhrí sin, tá an Coiste ag moladh don Garda Síochána dlús a chur faoi na feachtais earcaíochta le haghaidh na bhfolúntas seo ar bhonn práinne.

Obair Iniúchóireachta Immheánaí Athbhreithnithe ag an gCoiste

D'fhaomh an Coiste an Plean Iniúchóireachta le haghaidh 2019 atá leagtha amach ag Iniúchóireacht Immheánach agus rinneadh athbhreithniú ar dhul chun cinn trí chomparáid a dhéanamh leis an bplean i rith na bliana. Chomhaontaigh an Coiste ar thosaíochtaí breise agus leasaíodh an plean i rith na bliana. Ar an iomlán, bhreithnigh agus d'fhaomh an Coiste 21 Tuarascáil Iniúchóireachta:

Iniúchóireachtaí Rannacha/Aonad Speisialta	2
Iniúchóireachtaí Athbhreithnithe	7
Iniúchóireachtaí ar Rannóga/Aonaid HQ	2
Iniúchóireachtaí Téamacha/Leathana	9
Tuarascáil do Choimisinéir an Gharda Síochána	1

Mhol an Coiste caighdeán, méid agus éagsúlacht na hoibre a chuir IIGS i gcrích in go leor gnéithe difriúla den obair phóilíneachta agus go háirithe an úsáid a baineadh as teicnící anailíseacha sonraí chun treochtaí neamhghnácha a shainiú i dtascanna iniúchóireachta a rinneadh le déanaí.

Comhoibriú le hAonad um Chaighdeán Ghairmiúla an Gharda Síochána (ACGGS) agus le hAonaid Rialachais eile

Mar atá thuasluaite, chuir Ard-Cheannfort Aonad um Chaighdeán Ghairmiúla an Gharda Síochána agus Ceannasaí na hIniúchóireachta Immheánaigh an Coiste ar an eolas faoin obair atá á déanamh acu ina n-aonaid féin. Mhol an Coiste go bhforbrófaí Plean Dearbhaithe Comhpháirteach le haghaidh 2020 agus chomhaontaigh ACGGS agus IIGS é seo a dhéanamh. Tá an plean seo curtha i bhfeidhm anois agus áirítear ann obair atá le cur i gcrích ag ACGGS agus IIGS ina n-aonar mar aon le hiniúchóireachtaí a mbeidh siad beirt páirteach iontu.

Breislúach ó Phróiseas Iniúchóireachta

Chabhraigh moltaí a rinneadh mar thoradh ar iniúchóireachtaí le blianta anuas le trí thionscnamh thábhachtacha a chur i bhfeidhm in 2019. Ar an gcéad dul síos, foilsíodh an Beartas CBFM 2 nua mar Threoir HQ 60/19. Ina theannta sin, tá feabhas suntasach déanta i rith 2019 ar rialuithe sa Stiúrtóireacht Airgeadais i ndáil le rialú cuntas bainc agus cuntas fionraí agus ceaduithe caiteachais. Tugadh feabhas suntasach faoi deara freisin i soláthar Chonarthaí TFC. Mar a luadh níos túisce sa tuarascáil seo, chuir obair an Choiste Iniúchóireachta agus Riosca eolas agus comhairle ar fáil maidir le Plean Nuachóirithe an Lucht Oibre, an Clár Athstíúrtha Óige agus an Creat Bainistíochta Riosca, agus rinneadh dul chun cinn suntasach.


Má chaitear súil ar chomparáidí bliain i ndiaidh bliana, tuairiscíodh líon suntasach d'obair iniúchóireachta inmheánaí don Choiste. I mí Márta 2019, rinneadh 69 moladh tosaíochta a haon (saincheisteanna ardriosca), agus as measc na moltaí seo, réitíodh 34 moladh ina n-iomláine nó rinneadh iad a uasghrádú chuig stádas riosca níos ísle. Cuireadh 53 saincheist tosaíochta a haon eile leis in 2019/20, rud a chiallaigh go raibh 88 saincheist tosaíochta a haon ar fad ann i Márta 2020. D'fháiltigh an Coiste roimh na feabhsuithe ar an gcaighdeán agus ar an aschur a bhain IIGS amach i rith 2019.

5. Conclúid

Is mian le comhaltaí an Choiste an comhoibriú agus an cúnaimh a fuair siad i rith na bliana ón gCoimisinéir, lucht bainistíochta agus foireann an Gharda Síochána, a admháil. Chomh maith leis sin, is mian leis an gCoiste an obair mhór atá á déanamh ag lucht bainistíochta agus ag foireann IIGS a admháil. I ndeireadh na dála, d'fhéadfadh go mbeadh an tionchar a d'fhéadfadh a bheith ag an gCoiste Iniúchóireachta agus Riosca, ar a bhfuil comhaltaí seachtracha den chuid is mó, ag cur le rath an Fhórsa agus ag cur leis an leibhéal tacaíochta a bheidh ar fáil ón ardbhainistíocht.

I láthair na huaire, tá athrú agus athchóiriú suntasach ag tarlú in An Garda Síochána. Is mian leis an gCoiste Iniúchóireachta agus Riosca leanúint ar aghaidh ag tacú leis an bhFórsa i rith an phróisis seo agus ba mhaith leis aird na foirne bainistíochta a tharraingt ar na

deiseanna a chruthaíonn an próiseas seo chun a struchtúir rialachais a neartú agus a thacaíocht don Iniúchóireacht Immheánach a léiriú.

A handwritten signature in black ink on a light grey rectangular background. The signature is written in a cursive style and appears to read 'Cyril Sullivan'.

An Dr Cyril Sullivan

Cathaoirleach Choiste um Iniúchóireacht agus Riosca an Gharda Síochána

Dáta: An 24 Aibreán 2020.